Ainmhithe: Cluiche

Treoracha agus moltaí

Seo cluiche simplí a d'fhéadfaí a úsáid chun cleachtadh a dhéanamh ar aidiachtaí agus ar stór focal a bhaineann le hainmhithe.

Treoracha

1. Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí (triúr nó ceathrar i ngach grúpa) don ghníomhaíocht seo.
2. Priontáil agus gearr suas na pictiúir atá ar Chárta 1 agus cuir i gclúdach litreach iad. Déan an rud céanna leis na focail ar Chárta 2. Sa tslí sin beidh pictiúir agus focail sa chlúdach. Bíodh clúdach litreach agat do gach grúpa sa rang.
3. Tabhair clúdach litreach do gach grúpa sa rang agus cuir ag obair iad chun na pictiúir sna clúdaigh a cheangal leis an bhfocal ceart.
4. Ansin scaip Cárta 3 ar gach grúpa agus iarr orthu na haidiachtaí ar an gcárta a chur leis na hainmhithe a bhí acu níos luaithe chun abairtí a chumadh.

   Sampla: 'tá an madra rua glic' / 'tá an nathair sleamhain, fada, láidir' etc. Spreag iad leis an méid is féidir aidiachtaí a úsáid / abairtí a chumadh.

Moltaí

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a leanúint le plé ar an zú, b'fhéidir, agus ceisteanna mar seo:

1. An raibh tú féin agus do theaghlach minic sa zú?
2. Cad iad na hainmhithe sa zú is fearr le do chuid páistí?
3. An mbíonn deis ag do chuid páistí cuairt a thabhairt ar fheirmeacha?

Tá roinnt rannta agus amhrán ar na dlúthdhioscaí *Rabhlaí Rabhlaí*, *Gugalaí Gug*, *Peigín Leitir Móir*, *Sicín Sona Sásta* etc. ina luaitear ainmhithe. D'fhéadfaí ceann nó dhó de na rianta sin a sheinnim do na foghlaimeoirí.

Dhá shampla as *Rabhlaí Rabhlaí*:

Uimhir 3:

Tá capall ag Seáinín: hup! hup!, hup!
Tá ba ag Páidín: sup!, sup!, sup!
Tá gamhna ag Máirín: suc!, suc!, suc!
Tá cearca ag Áine: tiuc!, tiuc!, tiuc!

Uimhir 14

Tá capall is cairt ag Seán Ó hAirt
Tá bó agus lao ag Seán Ó Sé
Tá peata uain ag Seán Ó Cluain
Is sin é an fáth nach bhfuil orthu buairt.

Cárta 1: Pictiúir



Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 1







Cárta 2: Focail

Béar	**Cuileog**	**Beach**
Lacha	**Crogall**	**Sioráf**
Leon	**Nathair**	**Luch**
Damhán alla	**Coinín**	**Eala**
Ulchabhán	**Sciathán leathair**	**Madra rua / sionnach**

Cárta 3: Aidiachtaí

ard, íseal, fada, caol, leathan, láidir, lag, tanaí, éadrom, trom, tapa, mall, fíochmhar, glórach, crosta, ramhar, fiáin, ciúin, cliste, sleamhain, glic